Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2022**

**CM 5719/1/22
REV 1**

**INF
API
PROCED**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Mr Fernando Florindo<br>council.transparency@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2-281.6196 |
| Ábhar: | ROCHTAIN PHOIBLÍ AR DHOICIMÉID<br>– Iarratas dearbhúcháin Uimh. 17/c/01/22<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh<br>– **Síneadh ar an spriocdháta go dtí an 21 Nollaig 2022, 16.00 (am na Bruiséile)** |

TEACHTAIREACHT

I gcomhréir le forálacha Airteagal 12 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid a leanas[1]:

1. an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an freagra dá dtagraítear thíos a ghlacadh, a bhaineann le hiarratas dearbhúcháin Uimh. 17/c/01/22;

[1] Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go dtugtar tuairisc in **14875/13** agus in **6896/1/17 REV 1** ar na módúlachtaí praiticiúla le go mbeidh glacadh ag an gComhairle le dréachtfhreagraí ar iarratais dearbhúcháin tríd an ngnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid.

2. an freagra ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 17/c/01/22 a ghlacadh ag an gComhairle, mar a leagtar amach in 15464/22 INF 198 API 109;

3. toradh an nós imeachta seo i scríbhinn a fhoilsiú, lena n-áirítear ainmneacha na mBallstát a vótálfaidh NÍ AONTAÍMID mar fhreagra ar an dara ceist nó a staonfaidh ó vótáil, mar aon leis na ráitis aontaobhacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Féadfaidh sibh AONTAÍMID nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra ar gach ceist; féadfaidh sibh STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra ar an dara ceist agus ar an tríú ceist freisin.

Ní mór aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh ar leithligh.

Ba cheart na freagraí ó na **toscaireachtaí nár thug freagra go fóill a sheoladh chuig Ardrúnaíocht na Comhairle le ríomhphost (**council.transparency@consilium.europa.eu) **faoi 16.00, Dé Céadaoin, an 21 Nollaig 2022 ar a dhéanaí, le cur faoi bhráid Fernando Florindo COMM.2.C, Seirbhísí Faisnéise/Trédhearcacht.**